CHY 19870

Áras Éanna

ÁrasÉanna | InisOírr | Aran Islands

Teil: 099 75150 Email: eolas@araseanna.ie Suíomh Idirlíon/Website: www.araseanna.ie

**Limistéar saor ó Chinedheighilt - Ráiteas - 15/05/2024**

Is é Áras Éanna in Inis Oírr, an t-oileán is lú d'Oileáin Árann, an tIonad Ealaíon is faide siar san Eoraip. Cé go bhfeictear Éire mar náisiún a thacaíonn leis an bPalaistín, agus thacaíomar le laethanta náisiúnta a léirigh Dlúthpháirtíocht leis an bPalaistín, níor féachadh riamh le bonn foirmiúil a chur faoin tacaíocht sin. Níl mórán fiúntas i ngothaí tacaíochta nach mbíonn lánthiomanta don chúis.

Ní raibh aitheantas oifigiúil tugtha againn don ghlaoch maidir le tacaíocht institiúideach a thabhairt do BDS agus táimid á athrú sin inniu agus muid á mbunú féin mar Limistéar saor ó Chinedheighilt.

De bharr Cinedhíothú leanúnach Iosrael sa Phalaistín ceapaimid gurb é seo an rud is lú gur féidir linn a dhéanamh agus iarraimid ar institiúidí cultúrtha eile an rud céanna a dhéanamh. Téimid i bpáirt le healaíontóirí agus le hoibrithe ealaíne 'Apartheid-Free Art Ireland' agus tosaímid leis na luachanna seo:

- Éileamh ar shos cogaidh láithreach & sos cogaidh buan agus deireadh le forghabháil mhídhleathach Iosrael agus leis an gcóras cinedheighilte
- Tiomantas chun gnímh – mar ealaíontóirí agus pobail ealaíne – baghcat, dífheistiú, smachtbhannaí – go dtí go bhfaightear réidh le cinedheighilt agus go mbíonn na Palaistínigh saor.

Táimid tiomanta do na prionsabail seo a leanas:

- Ní ghlacaimid leis go bhfuil daonnacht na bPalaistíneach tada níos lú ná ár ndaonnacht féin
- Ní bheidh muid páirteach in aon imeacht ná gníomh a ghlacann leis an gcinedhíothú seo ná a éilíonn go bhfanfadh muid inár dtost
- Cruthóidh muid spásanna sábháilte d'ealaíontóirí Palaistíneacha inár bpobail agus ionaid. Ag an am criticiúil seo sa stair tabharfaimid tosaíocht dá nguthanna agus dá gcuid oibre agus féachfaidh muid le cluas éisteachta a fháil dóibh
- Déanfaimid gach rud is féidir linn, cibé áit a mbeidh tionchar, ardán nó deiseanna againn seasamh le muintir Gaza agus na Palaistíne
- Leanfaimid lenár ndlúthpháirtíocht ghníomhach go dtí go stopann réimeas cinedheighilte Iosrael
- Oibreoimid i dtreo domhan ina mbeidh na healaíona, i ngach áit, saor ó chinedheighilt.

Ní fhanfaidh muid inár dtost le linn éagóir scannalach in aon tír ná críoch. Diúltaímid a bheith comhpháirteach i gcultúr saoirse ó phionós, mí-úsáid cumhachta agus sárú ar chearta an duine. Táimid ag iarraidh an spás seo a bheith saor ó leatrom, foréigean, ciníochas agus leithcheal gnéis, inscne, aicme, eitneach, reiligiúin nó aon chineál eile leithcheala.

Aithníonn muid an dlúth-idircheangal atá idir ár n-iarrachtaí uilig ar son cearta sóisialta, inscne, teanga agus ceartas eacnamaíoch agus féinchinntiúchán agus gur trí thacaíocht fhrithpháirteach agus dlúthpháirtíocht trasnáisiúnta amháin a ghnóthófar láidreacht agus cumhacht.

Trí aitheantas a thabhairt d'Áras Éanna mar Limistéar saor ó Chinedheighilt is féidir linn dul céim níos faide leis an troid ar son díchoilíniú sa domhan agus seasamh ar an taobh ceart den stair.